
An Coimisiún Eorpach

# **Konrad Adenauer:** daonlathaí pragmatach agus aontóir diongbháilte




*Konrad Adenauer 1876 – 1967*

*An chéad Seansailéir ar Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine a bhí ina cheannaire ar an stát nuabhunaithe idir 1949-63, d'imir sé níos mó tionchair ná aon duine eile ar stair iarchogaidh na Gearmáine agus na hEorpa.*

*Fearacht a lán polaiteoirí eile ar chomhaois leis, thuig Adenauer cheana féin tar éis an Chéad Chogaidh Dhomhanda gur Eoraip aontaithe an t-aon bhealach a bhféadfaí síocháin bhuan a bhaint amach. Chuidigh an taithí a fuair sé sa Tríú Reich leis an tuairim sin a dhaingniú - chuir na Naitsithe as oifig é mar Mhéara ar Köln.*

*Sna sé bliana idir 1949-55 d'éirigh le Adenauer spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach sa bheartas eachtrach agus todhchaí na Gearmáine a cheangal le comhghuaillíocht an iarthair: ballraíocht de Chomhairle na hEorpa (1951), bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (1952) agus ceangal na Gearmáine le ECAT (1955).*

*Bunchloch i mbeartas eachtrach Adenauer ba ea athmhuintearas a dhéanamh leis an bhFrainc. Rinneadh dul chun cinn stairiúil ina leith sin i gcomhar le hUachtarán na Fraince, Charles de Gaulle: i 1963, shínigh an Ghearmáin agus an Fhrainc, a bhí ina ndeargnaimhde tráth, conradh cairdis a bhí ar cheann de na garspriocanna i dtreo lánpháirtiú na hEorpa.*

## Polaitíocht sa Ghearmáin

Rugadh Konrad Adenauer in Köln, cathair chaitliceach, ar an 5 Eanáir 1876 do theaghlach nach raibh uaisleacht ag baint leo ach a raibh nádúr an eagair agus an smachta iontu faoi thionchar a athar. De thoradh a phósta i 1904 le cailín ó theaghlach cumhachtach in Köln, tháinig sé i dteagmháil le polaiteoirí áitiúla, agus d'éirigh sé gníomhach sa pholaitíocht freisin. Bhain sé leas iomlán as na buanna polaitíochta a bhí aige, agus le linn dó bheith ina bhall den pháirtí caitliceach 'Zentrum' tháinig bláth ar a ghairm agus ceapadh ina Mhéara ar Köln é i 1917. Bhain an post seo le roinnt tionscadal mór ar nós an chéad mhótarbhealach a tógadh sa Ghearmáin idir Köln agus Bonn, agus cuireadh aithne ar Adenauer mar dhuine daingean diongbháilte. Ní raibh baint ná páirt ag Adenauer leis na heití antoisceacha den pholaitíocht a chuir an oiread sin dá chomhaoisigh spéis iontu, agus bhí sé tiomanta i gcónaí dúthracht, eagar, moráltacht agus luachanna Críostaí a scaipeadh i measc a chomhthíreach.

Deireanach sna 1920daí, chuir Páirtí na Naitsithe tús le feachtas béadchainte ar Adenauer. Cuireadh ina leith go raibh smaointe fith-Ghearmánacha aige, gur chuir sé cistí poiblí amú agus go raibh bá aige le gluaiseacht na Siónach. I 1933, agus na Naitsithe i gcumhacht, cuireadh Adenauer as oifig agus rinneadh a chuntais bhainc a reo i ngeall gur dhiúltaigh sé an chathair a mhaisiú le svaisticí le linn chuairt Hitler ar an gcathair. Fágadh gan phost, gan teach agus gan ioncam é, ach é ag brath ar dhea-mhéin a chairde agus na heaglaise. Cé nach raibh sé gníomhach le linn an chogaidh, gabhadh cúpla uair é mar sin féin. Cuireadh Adenauer i bpríosún cáiliúil an Gestapo in Brauweiler-Köln tráth nár éirigh le hiarracht feallmharaithe a rinneadh ar Hitler i 1944.

I ndiaidh an chogaidh, cheap na Meiriceánaigh Adenauer arís mar Mhéara ar Köln ach bhris na Briotanaigh as a phost é nuair a cuireadh Köln faoi limistéar forghabhála na Breataine. Thug sé sin fuílleach

ama do Adenauer chun díriú ar bhunú an Aontais Dhaonlathaigh Críostaí (CDU) agus bhí súil aige go n-aontófaí Protastúnaigh agus Caitlicigh na Gearmáine in aon pháirtí amháin. I 1949, ceapadh ina chéad Seansailéir ar Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine (An Ghearmáin Thiar) é. Ba é an tuiscint a bhí ann i dtosach nach mbeadh Adenauer ina Sheansailéir ar feadh i bhfad agus é in aois 73 bliain an tráth sin. Ainneoin sin, bhí an post i seilbh Adenauer (ar tugadh 'Der Alte' nó 'An Seanóir' air mar leasainm) go ceann 14 bliain, agus ní amháin go raibh sé ar an méara ab óige ar Köln ach tá sé ar an Seansailéir is sine a bhí sa Ghearmáin riamh. Faoi stiúir Adenauer, rinneadh daonlathas buanseasmhach den Ghearmáin Thiar agus d'éirigh léi athmhuintearas buan a dhéanamh leis na tíortha comharsanacha. D'éirigh leis roinnt ceannasachta a fháil ar ais don Ghearmáin Thiar tríd an tír a lánpháirtiú sa chomhphobal Eora-Atlantach a bhí ag teacht chun cinn (ECAT agus an Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíochta san Eoraip).




*Adenauer ag croitheadh láimhe le Charles de Gaulle i 1961.*

## Tacaíocht do lánpháirtiú na hEorpa

Ba pholaiteoir pragmatach a bhí in Adenauer de thoradh na taithí a fuair sé sa Dara Cogadh Domhanda. Bhí a dhearcadh i leith ról na Gearmáine san Eoraip go mór faoi thionchar an dá chogadh dhomhanda agus an sean-naimhdis idir an Ghearmáin agus an Fhrainc. Dhírigh sé a aird, dá bhrí sin, ar chomhar uile-Eorpach a chur chun cinn mar chur chuige.

Thacaigh Adenauer go mór leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach, a seoladh le Dearbhú Schuman ar an 9 Bealtaine 1950, agus an conradh ina dhiaidh sin ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa i Márta 1957.

Bhí tuairimí Adenauer i dtaobh na hEorpa bunaithe ar an smaoineamh go raibh aontú na hEorpa ríthábhachtach do shíocháin bhuan agus do chobhsaíocht. Chuige sin, d'oibrigh sé go dian dícheallach ar mhaithe le hathmhuintearas na Gearmáine lena sean-naimhde, go mór mór an Fhrainc. Níos déanaí, i 1963, cuireadh séala oifigiúil leis an athmhuintearas sin le síniú Chonradh Élysée, nó an Chonartha Cairdis. Sa chonradh sin, chuir an Ghearmáin agus an Fhrainc bunús daingean leis an gcaidreamh eatarthu agus tháinig deireadh leis na céadta bliain d'iomaíocht idir an dá thír.

Mar thoradh ar na buanna polaitíochta a bhí aige, a dhiongbháilteacht, a réadúlacht agus an fhís shoiléir a bhí aige do ról na Gearmáine in Eoraip aontaithe, chinntigh Adenauer go ndearnadh sochaí oscailte agus dhaonlathach den Ghearmáin, rud nár athraigh riamh. Ní hé go ndéantar talamh slán den mhéid sin inniu ach tá an smaoineamh ceangailte go dlúth le sochaí na Gearmáine sa lá atá inniu ann.

Tá Konrad Adenauer ar dhuine de na daoine is suntasaí i stair na hEorpa. Níor chreid sé gur síocháin amháin a bhí mar chúis le haontú na hEorpa, ach gur bealach a bhí ann an Ghearmáin iar-Naitsíoch a lánpháirtiú arís sa saol idirnáisiúnta. Ní fhéadfaí an Eoraip mar atá sí inniu a chruthú gan an mhuinín a mhúscail Adenauer i stáit eile na hEorpa tríd an mbeartas eachtrach comhsheasmhach a bhí aige. Tugann a chomhthírigh sa Ghearmáin suntas fós don mhéid a bhain sé amach agus, in 2003, roghnaigh siad é mar 'An Gearmánach is tábhachtaí riamh'.